C/2025/510

28.1.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/510)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Los Balagueses'

PDO-ES-A0941-AM02

Dáta na teachtaireachta: 29 Deireadh Fómhair 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. LEASÚ AR PHARAIMÉADAIR ANAILÍSEACHA

Tuairisc:

Scriosadh an ceanglas maidir le teorainneacha i bparaiméadair áirithe, agus athraíodh na lamháltais i bparaiméadair eile.

Leasaíodh pointe 2(a) den tsonraíocht agus pointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach leasaítear leis ainm, úsáid an ainm ná catagóir an táirge, ná níl an baol ann go gcuirfí an nasc ar neamhní ná go mbeadh srianta margaíochta nua ag baint leis, ós rud é nach n-áirítear é faoi choinníollacha leasuithe ar leibhéal an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Cúiseanna:

Tá údar maith leis an leasú ar pharaiméadair anailíseacha na bhfíonta a tháirgtear faoi ATFC 'Los Balagueses' ar na cúiseanna seo:

1. Tá athrú tagtha ar thosca aibitheacha agus bitheacha araon mar gheall ar an athrú aeráide le 10 mbliana anuas. Tá na tosca sin ag éirí níos ilchineálaí i gcomparáid leis an uair a rinneadh an t-iarratas in 2009, bunaithe ar thaifid aeráide 5 bliana roimhe sin. Ní raibh eolas ar bith an tráth sin ar na cúinsí a bhain leis an athrú aeráide. Thairis sin, an tráth sin, bhí na paraiméadair anailíseacha níos rialta.

Faoi láthair tá athrú suntasach tagtha ar an aeráid, rud a fhágann go mbíonn roinnt buainte an-te agus buainte eile níos fuaire ann le linn na tréimhse aibithe. Ar an gcúis sin, tá paraiméadair ann nach mór a bhaint, amhail pH, siúcraí dí-ocsaídithe, innéacs iomlán polaifeanóil (TPI), agus déine datha.

Níl paraiméadair den sórt sin, mar a mhínítear thuas, suntasach faoi láthair agus léiriú á chur ar fáil ar eastát amhail Pago de los Balagueses. Ar an gcúis sin, níor coinníodh ach paraiméadair a léiríonn áit agus bunús, le lamháltais iomchuí le haghaidh an athraithe sin ar an aeráid. Is iad seo a leanas na paraiméadair sin: neart alcóil a léiríonn táirge de thionscnamh ar leith; aigéadacht iomlán arb í cnámh droma táirge amhail fíon í; agus aigéadacht luaineach a léiríonn fíon gan fabhtanna. Mar sin féin, cuireadh frása isteach ag deireadh thablaí na bparaiméadar anailíseach, rud a léiríonn, i gcás aon teorainn nach gcumhdaítear, go mbeidh feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Is í Institiúid Valencia um Thaighde Talmhaíochta (IVIA) an stáisiún meitéareolaíoch is gaire don limistéar. Tá athrú mór tugtha faoi deara ina taifid sonraí le 10 mbliana anuas. Chonacthas treocht shoiléir sa mhéadú ar an meánteocht agus ar na teochtaí íosta araon le blianta beaga anuas. Tá laghdú tagtha ar an líon uaireanta fuara freisin i gcomparáid leis na chéad chúpla bliain.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Déanann an éagsúlacht sin i dtosca aeráide difear do na paraiméadair anailíseacha maidir le talmhaíocht agus fíonsaothrúchán. Leis an gcoigeartú sin ar na paraiméadair bheartaithe, caomhnaítear bunús ATFC trí pharaiméadair eile a bhaineann níos mó le cineál táirgthe a bhaint.

2. Is mar gheall ar éagsúlacht i dtreochtaí tomhaltóirí gur baineadh paraiméadar áirithe amhail an dé-ocsaíd sulfair iomlán, ós rud é go bhfuil tomhaltóirí ag iarraidh níos mó fíonta gan sulfáití breise nó a bhfuil leibhéil an-íseal acu, toisc gur ailléirgin é atá faoi réir rialacha an Aontais. Faoi láthair, leis na teicnící táirgthe, is féidir an cineál fíona sin a dhéanamh gan an ailléirgin sin a chur isteach.

Tá laghdú ag teacht ar pharaiméadair a úsáid amhail innéacs iomlán polaifeanóil (TPI) agus déine dhatha (CI) toisc gur fearr le tomhaltóirí nua fíonta níos éadroime ag a bhfuil níos lú tainniní a imríonn tionchar ar dhath na bhfíonta. Fágann sé sin nach toisc thábhachtach a thuilleadh é agus na fíonta atá ann faoi láthair á dtáirgeadh, ná ní bheidh sé i gcás fíonta amach anseo.

Fágadh an pH ar lár toisc go mbaineann sé le paraiméadar na haigéadachta iomláine arna sloinneadh mar aigéad tartarach, atá coinnithe ar bun againn.

2. AN FOCAL ‘CRIANZA’ A BHAINT Ó THUAIRISC NA bhFÍONTA DEARGA

Tuairisc:

Baineadh an téarma ‘crianza’ de na fíonta dearga.

Baineann an leasú sin le Pointe 2(b) den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin, ós rud é nach n-áirítear é in aon cheann de na coinníollacha maidir le leasuithe ar leibhéal an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Cúiseanna:

Sa tsonraíocht táirge bhunaidh áiríodh an focal ‘crianza’ mar bhealach chun an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi aibiú fíonta dearga i mbairillí. Is é sin, baineadh úsáid as an bhfocal i ndáil le fíonta aosaithe. Is téarma traidisiúnta freisin é an focal céanna, áfach, atá faoi réir rialacha lena ngabhann an t-íoscheanglas maidir le haosú ar feadh 2 bhliain sula scaoiltear ar an margadh é. Baineadh an téarma ‘crianza’ den tsonraíocht táirge dá bhrí sin toisc go bhféadfaí míthuiscint a bhaint as go bhfuil an dara brí leis.

Ní úsáideann an ATFC sin an téarma traidisiúnta ‘crianza’ toisc nach n-aosaítear an fíon i mbairillí ach ar feadh na tréimhse a mheastar is gá, agus ní gá go mairfeadh sé ar feadh 2 bhliain.

3. ATHRUITHE SNA CINEÁLACHA FÍONA

Tuairisc:

Baineadh an cineál fíona ‘Vino tinto “crianza” (Garnacha tintorera, Tempranillo agus Merlot)’ agus cuireadh an méid seo a leanas isteach: ‘Vino tinto (Bobal)’ agus ‘Vino blanco (Tardana)’.

Baineann an leasú sin le Pointe 2(b) den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin ar an tsonraíocht táirge, ós rud é nach n-áirítear é in aon cheann de na coinníollacha maidir le leasuithe ar leibhéal an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Cúiseanna:

Cuireadh na cineálacha fíonchaor ‘Bobal’ agus ‘Tardana’ sa tsonraíocht táirge, agus dá bhrí sin cuireadh na tuairiscí ar na fíonta aonchineálacha a dhéantar as na cineálacha sin isteach freisin.

Ina theannta sin, baineadh an tuairisc orgánaileipteach ar an bhfíon ilchineálach a dhéantar as Garnacha Tintorera, Tempranillo agus Merlot, toisc go ndéantar í a dhúbláil sa tuairisc ar an bhfíon ilchineálach a dhéantar as Merlot, Garnacha Tintorera agus Tempranillo.

4. ÉAGSÚLACHT I dTÁIRGEACHT FÍONCHAOR AGUS EASTÓSCADH FÍONA

Tuairisc:

Áiríodh táirgeacht eastósctha os cionn 70 % agus méadaíodh na teorainneacha ar uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir: ó 7 500 go dtí 7 950 kg/ha, le haghaidh na bhfíonta dearga; agus ó 9 000 go dtí 10 000 kg/ha, le haghaidh na bhfíonta geala.

Leasaíodh pointí 3 agus 5 den tsonraíocht táirge agus pointe 5 den doiciméad aonair dá réir.

Ós rud é gurb é an cuspóir cáilíocht agus saintréithe an táirge a choinneáil ar bun nó a mhéadú, is leasú caighdeánach é sin ar an tsonraíocht táirge, ós rud é nach n-áirítear é in aon cheann de na coinníollacha maidir le leasú ar leibhéal an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Cúiseanna:

Rinneadh feabhsuithe teicneolaíochta le brú níos fearr, gan an oiread sin atmaisféir bhrú, toisc go bhfuil infheistíocht déanta ag an bhfíonlann i bhfáisceán neomatach úrscothach. Mar thoradh air sin, bíonn táirgeacht eastósctha níos airde ann le cáilíocht mhéadaitheach, rud a fhágann gur gá an táirgeacht in aghaidh an heicteáir a athrú.

Chuir na feabhsuithe ar uisce a fháil tríd an infheistíocht i ngrianphainéil chun fíonsaothrú a dhéanamh níos inbhuanaithe, agus deireadh a chur le breoslaí iontaise a úsáid chun leictreachas a ghiniúint, leis an méadú ar tháirgeadh laistigh de na paraiméadair cháilíochta a shainmhínítear in 'Pago' (eastáit).

5. LEATHNÚ AN LIMISTÉIR CHRÍOCHAITHE

Tuairisc:

Cuireadh dáileachtaí cóngaracha a bhfuil saintréithe comhchosúla acu isteach. Faoi láthair, is éard atá in 'Los Balagueses' polagán 127, dáileacht 372, agus limistéir (4, 9, 34 agus 35), agus dáileacht 57, limistéir (15, 2, 46, 95). Tá sé beartaithe limistéir (23, 11, 97, 7, 8, 99 agus 1) de dháileacht 57 a áireamh.

Leasaíodh pointe 4 den tsonraíocht táirge agus pointe 6 den doiciméad aonair.

Meastar freisin gur leasú caighdeánach laistigh d'Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 é leathnú an fhíonghoirt in Pago de los Balagueses, toisc nach n-athraíonn sé an nasc.

Cúiseanna:

Tá sé beartaithe limistéir éagsúla atá cóngarach don limistéar críochaithe atá le feiceáil sa tsonraíocht táirge a chur isteach ionas go mbeidh siad mar chuid de ATFC 'Los Balagueses'.

Tá na limistéir atá beartaithe le haghaidh leathnaithe suite in aice leis na dáileachtaí atá mar chuid den ATFC faoi láthair, rud a léiríonn go bhfuil na dálaí agus na tosca a dhéanann difear do na limistéir sin mar an gcéanna.

6. CINEÁLACHA FÍONCHAOR NUA A CHUR ISTEACH

Tuairisc:

Tugadh isteach an cineál dearg 'Bobal' agus an cineál geal 'Tardana'.

Baineann an leasú seo le pointe 6 den tsonraíocht táirge agus le pointe 7 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin ar an tsonraíocht táirge, ós rud é nach n-áirítear é in aon cheann de na coinníollacha maidir le leasuithe ar leibhéal an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Cúiseanna:

Tá sé sin mar gheall ar leathnú an limistéir chríochaithe. Tá timthriall níos faide ag na cineálacha Bobal agus Tardana chun dul i ngleic leis na héagsúlachtaí a bhfuil coinne leo de bharr an athraithe aeráide agus chun cothromaíocht a bhaint amach sna fíonta, a bhfuil cáil idirnáisiúnta den sórt sin bainte amach acu. Is cineálacha dúchasacha fíonchaor Valencia iad agus tá éileamh níos mó orthu sa mhargadh atá ann faoi láthair.

7. FAISNÉIS ÁIRITHE A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA

Tuairisc:

I Roinn 8(b) den tsonraíocht, tugadh na tagairtí don reachtaíocht atá i bhfeidhm cothrom le dáta. Agus i Roinn 9 tugadh na sonraí teagmhála don údarás inniúil agus don chomhlacht cigireachta tarmligthe cothrom le dáta freisin.

Baineann an leasú seo le Roinn 8(b) agus 9 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair sin.

Is leasú caighdeánach é sin ar an tsonraíocht táirge, ós rud é nach n-áirítear é in aon cheann de na coinníollacha maidir le leasuithe ar leibhéal an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Cúiseanna:

Baineadh úsáid as an leasú ar ghnéithe eile den tsonraíocht táirge mar dheis chun na feabhsuithe sin a dhéanamh.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Los Balagueses

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath dian, caordhearg. Blasanna diana d'fhíonchaora aibí, sméar dhubh, sú craobh agus pluma ag teacht le casarnach agus carachtar darach. Sa bhéal, tá sé dea-struchtúrtha ach mín, tá tainniní aibí ann a bhfuil iarbhlas fada agus úr orthu.

I gcás teorainneacha nár cumhdaíodh, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 13,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 10

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíon geal*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Geal, lonrach, buí na tuí. Maidir leis an mboladh tá sé úr, agus tá dea-bholaithe de thorthaí bána agus coimhthíocha, anann, mangó air. Sa bhéal tá struchtúr maith aige, tá saill ann, bailchríoch fada air agus tá sé úr.

I gcás teorainneacha nár cumhdaíodh, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 8,3

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Táirgeacht úsctha: > 70 %

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha fíonchaor dearg

7 950 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

68 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha fíonchaor geal

10 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar táirgeachta le haghaidh fíonta a chumhdaítear lonnaithe i mbardas Requena, arna dháileadh mar a leanas: Polagán 127, dáileacht 372 agus limistéir (4, 9, 34 agus 35), dáileacht 57, limistéir (15, 2, 46, 95) agus limistéir (23, 11, 97, 7, 8, 99 agus 1).

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

BOBAL

CHARDONNAY

GARNACHA TINTORERA

MERLOT

PLANTA NOVA - TARDANA

SAUVIGNON BLANC

SYRAH

TEMPRANILLO

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tá an fíonghort suite ar fhána a dhéanann, chomh maith le draenáil uisce a éascú agus cur le forbairt fréamhacha doimhne, nochtadh na bplandaí don ghrian a bharrfheabhsú. Tá sé sin fabhrach d'aibiú na bhfíonchaor agus do tháirgeadh níos airde polaifeanól, rud a chuireann ina dhiaidh sin le dath agus tathag na bhfíonta.Tacaíonn an timpeallacht nádúrtha, leis an bhfásra coillearnaí atá timpeall na talún, le saothrú fíniúnacha orgánacha. Is foinse mhicreafána éagsúil é a éascaíonn pailniú, a chuidíonn le haerú ithreach, agus a chuireann le rialú creachadóirí fíniúnacha agus fíonchaor gan lotnaidicídí a úsáid.Is bacainn nádúrtha é an fásra atá timpeall ar na dáileachtaí.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

—

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://breu.gva.es/b/SpOpz2Spgq